



FREAGRAI ON gCOIMISIUN EORPACH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó
CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Tacaíocht CFRE d'iomaíochas FBM: laghdaíonn
laigí deartha éifeachtacht an chistithe

Clár na nÁbhar

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN (Míreanna I-VII)	2
RÉAMHRÁ (Míreanna 1-17)	3
RAON FEIDHME AGUS CUR CHUIGE AN INIÚCHTA (Míreanna 18-25)	3
BARÚLACHA (Míreanna 26-75)	3
CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ (Míreanna 76-80)	4
Moladh 1 – Athbhreithniú ar dhearadh na nglonna CFRE	4
Moladh 2 – Athbhreithniú ar nósanna imeachta roghnúcháin CFRE le haghaidh dámhachtain deontas	4
Moladh 3 – Tosaíocht a thabhairt do chabhair inaisíoctha a úsáid le haghaidh iomaíochas FBM	5

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí ón gCoimisiún Eorpach ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#), agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN (Míreanna I-VII)

Freagraí ón gCoimisiún:

I. Cnámh droma gheilleagar an Aontais is ea earnáil na bhfiontar beag agus meánmhéide agus dá bhrí sin bíonn gné láidir FBM le feiceáil i mbeartais an Aontais. Tá príomhról ag an mbeartas comhtháthaithe chun tacú le hiomaíochas FBManna. Mar sin, le haghaidh thréimhse chlársceidealaithe 2014-2020, tacaíonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) le hiomaíochas FBManna tríd an gcuspóir sonrath téamach ‘iomaíochas FBManna a fheabhsú’. Cuidíonn infheistíochtaí CFRE le FBManna na nithe seo a leanas a dhéanamh: rochtain a fháil ar mhaoiniú, tairbhiú de thacaíocht ghnó spriocdhírthe, e.g. fios gnó agus comhairle, faisnéis agus deiseanna líonraithe, comhpháirtíochtaí trasteorann; feabhas a chur ar an rochtain atá acu ar mhargaí domhanda agus ar shlabhraí luacha idirnáisiúnta; foinsí nua fáis a shaothrú amhail an geilleagar glas, turasóireacht inbhuanaithe, seirbhísí sláinte agus sóisialta lena n-áirítear an ‘geilleagar scothaoise’ agus tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha; infheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal daonna agus in eagraíochtaí a sholáthraíonn gairmoideachas agus gairmoiliúint atá dírithe ar chleachtas; naisc a chruthú le lárionaid taighde agus le hollscoileanna chun nuálaíocht a chur chun cinn, gnólachtaí nuathionscanta a chruthú agus a uas-scálú. Ina theannta sin, faigheann FBManna tacaíocht ó CFRE, faoi chuspóirí téamacha atá lasmuigh de raon feidhme an iniúchta seo, i ndáil le tosa tábhachtacha a dhéanann difear dá n-iomaíochas amhail taighde agus nuálaíocht, an digitiú agus an t-aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le géarchéim COVID-19, tá tacaíocht bhreise á soláthar do FBManna tríd na Tionscnaimh Infheistíochta mar Fhreachairt ar an gCoróinvíreas de chuid an bheartais comhtháthaithe agus trí REACT-EU. Faoi dheireadh 2020, bhí tacaíocht amach agus isteach le 1.2 milliún FBManna ó CFRE. Le haghaidh chlárthréimhse 2021-2027, leanfaidh an beartas comhtháthaithe air ag tacú le hiomaíochas FBManna agus lena n-aistriú i dtreo samhlacha digiteacha agus samhlacha níos inbhuanaithe.

V. De réir Airteagal 125(3)(a) RFC 2014-2020, is é an tÚdarás Bainistíochta (ÚB) atá freagrach ar deireadh as nósanna imeachta agus critéir roghnúcháin iomchuí a tharraingt suas lena n-úsáid chun oibríochtaí a roghnú. Ní féidir a chur san áireamh le haghaidh tacaíochta ach oibríochtaí a measúnaíodh go dearfach in aghaidh na gcritéar roghnúcháin agus a chomhlíonann na tairseacha is infheidhme. Ní mór do na hÚdaráis Bhainistíochta na tairseacha sin (‘líon íosta pointí’) a shocrú ionas go ‘n-áiritheofar leo an méid a chuireann na hoibríochtaí le sainchuspóirí agus torthaí sonracha na tosaíochta ábhartha a bhaint amach’ (Airteagal 125(3)(a)(i) de RFC 2014-2020). Laistigh den creat sin, féadfaidh Údaráis Bhainistíochta roghnú idir na glaonna iomaíocha agus neamh-iomaíocha, agus na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le gach modh díobh á gcur san áireamh ar bhonn cás ar chás.

VII. An chéad fhleasc: Glacann an Coimisiún leis an moladh.

An dara fleasc: Glacann an Coimisiún le fo-mholadh b), ach ní ghlacann sé le fo-mholadh a).

An tríú fleasc: Glacann an Coimisiún leis an moladh.

RÉAMHRÁ (Míreanna 1-17)

Freagraí ón gCoimisiún:

4. Ba é ba chuspóir don Gníomh um Ghnólachtaí Beaga prionsabail threoracha a leagan síos le haghaidh cheapadh agus chur chun feidhme bheartais FBM ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát araon.

Tá sé bailí i gcónaí agus comhlánaítear é leis an Straitéis FBM a glacadh níos déanaí. Úsáidtear iad araon mar bhonn don Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht FBManna.

RAON FEIDHME AGUS CUR CHUIGE AN INIÚCHTA (Míreanna 18-25)

Gan aon fhreagra ón gCoimisiún.

BARÚLACHA (Míreanna 26-75)

Freagraí ón gCoimisiún:

28. Déantar cláir a spriocdhíriú ar Chuspóirí Téamacha agus Tosaíochtaí Infheistíochtaí a shainiú sna Rialacháin, lena n-áirítear TO3. Tá siad sin ar fad nasctha le straitéis an Aontais maidir le Fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach.

34. Mar thoradh ar an athbhreithniú ar chláir CFRE in 2020, tháinig méadú ar an líon FBManna dár tugadh tacaíocht trí theaghlaim de thrí eilimint:

- Aistriú acmhainní ó bhearta sonracha eile arb é is cuspóir dóibh tacú le FBManna (e.g. rinne cláir oibríochtúla náisiúnta le haghaidh fiontar agus iomaíochais thart ar EUR 1.5 billiún a aistriú ar mhaithe leis an scéim náisiúnta ráthaithe nó chun tacú le FBManna a ndearna géarchéim COVID difear dóibh).

- Ó tharla go raibh líon laghdaithe acmhainní ann le haghaidh na hidirghabhála aonair, bhíodas in ann an líon FBManna a bhain tairbhe as an tacaíocht a mhéadú.

- Le leathnú na hidirghabhála chun tacaíocht don chaipitil oibre a chumhdach gan naisc le hinfeistíocht, d'fhág sé go rabhthas in ann réimse na n-idirghabhálacha a mhéadú.

FREAGRA COITEANN AR MHÍREANNA 66 GO 67

Agus oibríochtaí á roghnú, ní mór d'Údaráis Bhainistíochta forálacha ábhartha dlíthiúla a chomhlíonadh, mar a leagtar amach in Airteagal 125 RFC 2014-2020. Ní féidir a chur san áireamh le haghaidh tacaíochta ach oibríochtaí a measúnaíodh go dearfach in aghaidh na gcritéar roghnúcháin agus a chomhlíonann na tairseacha is infheidhme. Ní mór do na hÚdaráis Bhainistíochta na tairseacha sin ('líon íosta pointí') a shocrú ionas go 'n-áiritheofar leo an méid a

chuireann na hoibríochtaí le sainchuspóirí agus torthaí sonracha na tosaíochta ábhartha a bhaint amach' (Airteagal 125(3)(a)(i) de RFC 2014-2020). Laistigh den creat sin, féadfaidh Údaráis Bhainistíochta roghnú idir na glaonna iomaíocha agus neamh-iomaíocha, agus na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le gach modh díobh á gcur san áireamh ar bhonn cás ar chás.

CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ (Míreanna 76-80)

Freagraí ón gCoimisiún:

79. An ceathrú fleasc: Ní féidir a chur san áireamh le haghaidh tacaíochta ach oibríochtaí a measúnaíodh go dearfach in aghaidh na gcritéar roghnúcháin agus a chomhlíonann na tairseacha is infheidhme. Ní mór do na hÚdaráis Bhainistíochta na tairseacha sin ('líon íosta pointí') a shocrú ionas go 'n-áiritheofar leo an méid a chuireann na hoibríochtaí le sainchuspóirí agus torthaí sonracha na tosaíochta ábhartha a bhaint amach' (Airteagal 125(2)(a) de RFC 2014-2020).

Moladh 1 – Athbhreithniú ar dhearadh na nglanna CFRE

Glacfaidh an Coimisiún leis an moladh.

Déanfaidh an Coimisiún torthaí agus moltaí na tuarascála seo a chur chun cinn i measc Údaráis Bhainistíochta sna Ballstáit. Déanfaidh an Coimisiún teagmháil leis na hÚdaráis Bhainistíochta chun príomheilimintí agus moltaí na tuarascála iniúchóireachta a chur i dtábhacht dóibh agus tabharfaidh sé cuireadh dóibh na príomheilimintí sin a chur ar chlár oibre an chéad choiste ábhartha faireacháin de na cláir lena mbaineann.

Ina theannta sin, agus i gcomhréir le forálacha airteagal 40(2)(a) de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfaidh an Coimisiún na critéir a úsáideadh le haghaidh roghnú na n-oibríochtaí a iarraidh sula gcuirtear iad faoi bhráid an choiste faireacháin agus déanfaidh sé amhlaidh do na chéad ghlaonna den chlárthréimhse. Ar an gcaoi sin, beifear in ann tacaíocht a phlé agus a sholáthar, má iarrtar sin, le haghaidh critéir roghnúcháin a dhearadh do ghlaonna FBManna ar bhonn cás ar chás.

Moladh 2 – Athbhreithniú ar nósanna imeachta roghnúcháin CFRE le haghaidh dámhachtain deontas

Ní ghlacfaidh an Coimisiún cuid a) agus glacann sé le cuid b) den mholadh.

Aontaíonn an Coimisiún gur cheart go mbeadh na critéir roghnúcháin uailmhianach go leor, ach ní aontaíonn sé gurb iad glaonna iomaíocha an rogha réamhshocraithe iomchuí i gcónaí le haghaidh tacaíocht FBManna. Fágann an bunús dlí faoi na hÚdaráis Bhainistíochta a rogha nós imeachta a roghnú a mheasann siad is iomchuí chun uasmhéadú a dhéanamh ar rannchuidiú an chistithe ón Aontas i ndáil le gach cás, clár nó lena ngnáthchleachtais riaracháin.

Féadfaidh Údaráis Bhainistíochta roghnú idir na glaonna iomaíocha agus neamhiomaíocha (cf. aithris 60 de Rialachán (AE) 2021/1060) agus na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le gach modh díobh á gcur san áireamh ar bhonn cás ar chás.

Beartaíonn an Coimisiún na codanna de mholadh 2 lenar glacadh a chur chun feidhme maille le moladh 1.

Moladh 3 – Tosaíocht a thabhairt do chabhair inaisíoctha a úsáid le haghaidh iomaíochas FBM

Glacann an Coimisiún leis an moladh.

a) Pléitear úsáid ionstraimí airgeadais le hÚdaráis Bhainistíochta ar leibhéal cuspóirí sonracha le linn chaibidlíocht an chláir. Soláthróidh Ballstáit na gClár faisnéis ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 22(3)(d)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1060.

b) Tabharfaidh an Coimisiún cuireadh do Bhallstáit, agus tacóidh sé leo, chun bonn cirt cuí a thabhairt le haghaidh deontais a úsáid, bunaithe ar riachtanais shoiléire (amhail aghaidh a thabhairt ar theipeanna sa mhargadh) agus ar chuspóirí beartais sonracha (mar shampla caighdeán níos fearr le haghaidh geilleagar ciorclach, glas atá níos córa). Tacófar go láidir le húsáid deontais i gcomhar le hionstraimí airgeadais.